**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*Plenary sitting*

**A8-0225/2018**

26.6.2018

*****

# TUARASCÁIL

ar an gcinneadh cur chun feidhme maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA sa Chróit
(06986/2018 – C8-0164/2018 – 2018/0806(CNS))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Jaromír Štětina

(Nós imeachta simplithe – Riail 50(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

PR_CNS_LegAct_app

## *Siombailí don nós imeachta*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá beartaithe sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................ 5

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................................... 6

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an gcinneadh cur chun feidhme maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA sa Chróit**
**(06986/2018 – C8-0164/2018 – 2018/0806(CNS))**

**(Comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (06986/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 39(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, mar a leasaítear le Conradh Amstardam, agus d'Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 36 maidir le forálacha idirthréimhseacha, ar dá mbun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an bParlaimint (C8-0164/2018),

– ag féachaint do Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac[1], agus go háirithe Airteagal 33 de,

– ag féachaint do Riail 78c dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0225/2018),

1. ag formheas an dréacht ón gComhairle;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé beartaithe aici an téacs a d'fhormheas an Pharlaimint a leasú go suntasach;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

[1] IO L 210, 6.8.2008, lch. 1.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Cinneadh cur chun feidhme maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA sa Chróit |
| **Tagairtí** | 06986/2018 – C8-0164/2018 – 2018/0806(CNS) |
| **Dáta a ndeachthas i gcomhairle leis an bParlaimint** | 18.4.2018 |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>2.5.2018 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Jaromír Štětina<br>20.6.2018 |
| **Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh** | 24.5.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.6.2018 |
| **Dáta don chur síos** | 26.6.2018 |